2025.M56T

2025L033G1IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2025

# Gnó

## Roinn 1 agus Freagarleabhar

## Gnáthleibhéal

Déardaoin 12 Meitheamh   Maidin 9:30 - 12:00

400 marc

**Scrúduimhir**

**Dáta Breithe**  / /  Scríobh 3 Feabhra 2005 mar 03 02 05, mar shampla

**Stampa an Ionaid**

**Treoracha**

Scríobh do Scrúduimhir agus do Dháta Breithe sna boscaí ar an gclúdach tosaigh.

Scríobh do chuid freagraí ar gach cuid den scrúdú sa Fhreagarleabhar seo. Déanfar an Freagarleabhar seo a scanadh agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora. Féadfaidh sé nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhfaidh tú taobh amuigh de bhoscaí na bhfreagraí.

Scríobh do chuid freagraí le peann gorm nó le peann dubh. Ní ceadmhach peann luaidhe a úsáid ach amháin sna sceitsí, sna graif agus sna léaráidí.

Tá dhá roinn sa scrúdú seo. Tá ceisteanna **Roinn 2** curtha ar fáil ar cheistpháipéar ar leith ach ní mór duit do chuid freagraí a scríobh sa Fhreagarleabhar seo.

**Ní mór d'iarrthóirí na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt:**

**(A)** **Deich** gceist as **Roinn 1 agus**

**(B)** **Ceithre** cheist as **Roinn 2** mar seo a leanas:

Ceist **amháin** as **Cuid 1**

Ceist **amháin** as **Cuid 2**

agus **DHÁ** cheist ar bith eile.

**Tá gach ceist i Roinn 2 ar cómharc.**

**Déanamh agus Múnla an áireamháin a úsáideadh:**

| Roinn 1 | Ceisteanna Gearrfhreagra | 100 marc |
|---|---|---|

**Freagair 10 gceist. Tá 10 marc ag gabháil le gach ceist.**

**1.** Cad dó a seasann na litreacha seo a leanas? Scríobh gach freagra sa spás atá curtha ar fáil.

| | |
|---|---|
| **CGU *(EGM)*** | |
| **OFÁ *(LEO)*** | |
| **OTI *(GDP)*** | |

**2.** Líon isteach na **tosca táirgeachta** atá in easnamh.

**Tosca Táirgeachta**


1. Talamh
2. ______________
3. ______________
4. _______________

**3.** Scríobh an focal **FÍOR** nó **BRÉAGACH** i ndiaidh gach ceann de na ráitis seo a leanas.

| | Ráiteas | Fíor nó Bréagach |
|---|---|---|
| **(i)** | Baineann riachtanais sábháilteachta/slándála leis an ngá atá le bia agus dídean. | |
| **(ii)** | Baineann riachtanais urraime le bheith rathúil agus stádas ard a bhaint amach. | |
| **(iii)** | De réir Maslow, a luaithe agus a shásaítear riachtanas amháin, is é an chéad cheann eile an spreagadh ceannasach. | |
| **(iv)** | Creideann bainisteoirí a luaitear le Teoiric Y McGregor nach dtaitníonn obair le formhór na n-oibrithe. | |

**4.** Cuir na lipéid seo a leanas san áit cheart chun an chairt chóimheá thíos a chomhlánú:

**Costais Sheasta (CS)** **Ioncam Iomlán (II)** **Pointe Cóimheá (PC)** **Costais Iomlána (CI)**




**5.** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann eagraíocht as obair foirne.

| |
|---|
| **(i)** |
| |
| |
| |
| **(ii)** |
| |
| |
| |

**6.** Cuir tic (✓) sa bhosca ceart chun an **modh táirgthe** a ndéantar an cur síos is fearr air i ngach ceann de na ráitis seo a léiriú.

| **Ráiteas** | | **Jab-tháirgeadh** | **Baisc-tháirgeadh** | **Oll-táirgeadh** |
|---|---|---|---|---|
| **(i)** | Táirgeadh a dhéanann róbait ar líne chóimeála uathoibrithe. | | | |
| **(ii)** | Tá dearadh uathúil ar gach táirge. | | | |
| **(iii)** | Táirgtear cainníocht theoranta de tháirgí atá díreach mar an gcéanna. | | | |

**7.** Meaitseáil na híomhánna leis an téarma is ábhartha ón liosta thíos.

**Promóisean Díolachán** **Díol Pearsanta** **Urraíocht**











| | | |
|---|---|---|
| **(i)** | **(ii)** | **(iii)** |

**8.** Roghnaigh na focail chuí chun an abairt thíos a chríochnú. (Tá dhá fhocal ann nach mbeidh in úsáid.)

**Páirtithe leasmhara** **Iomaíoch** **Tomhaltóirí** **Comhoibritheach**

Bíonn caidreamh _________________________ ann nuair a oibríonn ____________________ an ghnólachta le chéile chun na cuspóirí céanna a bhaint amach.

**9.** Comhlánaigh an Struchtúr Maitríseach seo d'eagraíocht ina bhfuil dhá fhoireann tionscadail.




**10.** Seo thíos cóip den **Réamhaisnéis ar Shreabhadh Airgid** do Mhac Gabhann Teo., do na chéad trí mhí de 2025.

Líon isteach na figiúirí atá in easnamh a seasann na litreacha **A, B, C** agus **D** dóibh.

| 2025 | Eanáir | Feabhra | Márta | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € |
| **Iomlán na bhFáltas (A)** | 115,000 | 110,000 | 120,000 | 345,000 |
| **Iomlán na nÍocaíochtaí (B)** | 90,000 | 85,000 | 92,000 | 267,000 |
| **Airgead Glan (A-B)** | 25,000 | 25,000 | **B.** | 78,000 |
| **Airgead Tosaigh** | 20,000 | **A.** | 70,000 | **C.** |
| **Airgead Deiridh** | 45,000 | 70,000 | 98,000 | **D.** |
| **Do chuid oibre:** | | | | |

**11.** Meaitseáil an míniú leis an bplean den chineál ceart ón liosta thíos.
Tá plean de chineál amháin ann nach bhfuil míniú ar fáil dó thíos.

**Plean Oirbheartaíochta** **Plean Teagmhais** **Plean Oibríochta** **Plean Straitéiseach**

| | Míniú | Cineál plean |
|---|---|---|
| **(i)** | Plean cúltaca chun déileáil le cúinsí gan choinne nó le cásanna éigeandála. | |
| **(ii)** | Plean fadtéarmach a chuireann an lucht ardbhainistíochta i dtoll a chéile chun cuspóir uileghabhálach an ghnólachta a bhaint amach. | |
| **(iii)** | Plean gearrthéarmach i gcomhair reáchtáil laethúil an ghnólachta. | |

**12.** Cuir ciorcal thart ar an rogha cheart i gcás **gach** ceann de na ráitis seo a leanas.

**(i)** Úsáidtear cárta creidmheasa chun íoc as earraí agus seirbhísí. Sampla de chárta creidmheasa is ea **Cárta Seirbhíse Poiblí** / **Cárta Visa**.

**(ii)** Sampla d'fhoinse **ghearrthéarmach** / **fhadtéarmach** airgeadais is ea rótharraingt bhainc.

**(iii)** Nuair is fruilcheannach atá i gceist, is é an ceannaitheoir an t-úinéir dlíthiúil nuair a íoctar **an chéad tráthchuid** / **an tráthchuid deiridh**.

**(iv)** Déantar fiach neamhíoctha atá dlite do ghnólacht a dhíscríobh mar **dhrochfhiach** / **bhintiúr**.

**13.** Mínigh an téarma **saincheadú** agus luaigh sampla **amháin** de shaincheadúnas.

| **Míniú:** |
|---|
| |
| |
| |
| |
| **Sampla:** |
| |
| |

**14.** Cuir in iúl cé acu sampla d'**Easpórtáil Shofheicthe** nó **Dhofheicthe** Éireannach é gach ceann díobh seo a leanas.

| | **Easpórtálacha** | **Sofheicthe nó Dofheicthe** |
|---|---|---|
| **(i)** | Im Kerrygold a dhíoltar sa Fhrainc. | |
| **(ii)** | An banna Éireannach The Script ag seinm ag ceolchoirm sa Spáinn. | |
| **(iii)** | Lucht leanúna ó Mheiriceá ag teacht go Páirc an Chrócaigh chun breathnú ar Chluiche Ceannais Iománaíochta na hÉireann. | |
| **(iv)** | Mairteoil Éireannach a easpórtáiltear go dtí an tSín. | |

**15.** Sa tábla thíos, is liosta de théarmaí gnó atá i gColún 1 agus is liosta de mhíniúcháin atá i gColún 2.

| **Colún 1: Téarmaí Gnó** | **Colún 2: Míniúcháin** |
|---|---|
| **1.** Boilsciú | **A** Costas airgeadra amháin á léiriú i dtéarmaí airgeadra eile. |
| **2.** Ráta Dífhostaíochta | **B** Íocaíochtaí éigeantacha a thugann daoine aonair agus gnó don rialtas. |
| **3.** Ráta Malairte | **C** An méadú ar mheánphraghas earraí agus seirbhísí. |
| **4.** Cáin | **D** An costas atá ar airgead a fháil ar iasacht. |
| **5.** Ráta Úis | **E** Airgead a thugann an rialtas amach nach gá a aisíoc. |
| | **F** An céatadán den lucht saothair nach bhfuil post acu. |


Meaitseáil an dá liosta. Cuir an litir a bhaineann leis an míniúchán ceart faoin uimhir a bhaineann leis an téarma gnó cuí thíos. Tá míniúchán amháin ann nach féidir a mheaitseáil le haon téarma díobh.

| **Téarma Gnó** | **1** | **2** | **3** | **4** | **5** |
|---|---|---|---|---|---|
| **Míniúchán** | | | | | |

# Freagarleabhar do Roinn 2

## Treoracha

Tá Ceisteanna **Roinn 2** ar cheistpháipéar ar leith.
Tosaigh gach ceist ar leathanach nua. Scríobh uimhir na ceiste sa bhosca ag barr gach leathanaigh.
Úsáid an colún ar chlé chun gach cuid den cheist a lipéadú, mar a thaispeántar thíos.




Tá dhá leathanach grafpháipéir sa fhreagarleabhar seo. Ar leathanaigh an ghrafpháipéir, is ag bun an leathanaigh atá an bosca le haghaidh uimhir na ceiste.

Ní gá duit na leathanaigh go léir sa fhreagarleabhar seo a úsáid. Má bhíonn easpa spáis ort sa fhreagarleabhar seo, tá cead agat breis páipéir nó grafpháipéir a lorg ón bhfeitheoir.

Scríobh do chuid freagraí le peann gorm nó le peann dubh. Ní ceadmhach peann luaidhe a úsáid ach amháin sna sceitsí, sna graif agus sna léaráidí.

Ceist

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

| | |
|---|---|
| | |

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D’fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d’fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Gnáthleibhéal

# Gnó Roinn 1 agus Freagarleabhar

Déardaoin 12 Meitheamh

Maidin 9:30 - 12:00

2025.M56T 2025L033G2IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2025

# Gnó

## Roinn 2
## Gnáthleibhéal

## Déardaoin, 12 Meitheamh Maidin 9:30 – 12:00

**Ní mór d'iarrthóirí na ceisteanna seo a fhreagairt:**

**Ceithre** cheist as **Roinn 2** mar seo a leanas:

- Ceist **amháin** as **Cuid 1**
- Ceist **amháin** as **Cuid 2**
- agus **dhá** cheist ar bith eile.

**Tá na ceisteanna go léir i Roinn 2 ar cómharc.**

Ná tabhair an ceistpháipéar seo ar ais.

Ní chuirfear as ais chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit é.

## Roinn 2 — 300 Marc

Scríobh do chuid freagraí sa Fhreagarleabhar ina bhfuil **Roinn 1**

Freagair ceithre cheist as Roinn 2 mar seo a leanas:

Ceist **amháin** as **Cuid 1**,
Ceist **amháin** as **Cuid 2**,
agus **dhá** cheist ar bith eile.
**Tá na ceisteanna go léir ar cómharc (75 marc)**.

## Cuid 1

**Ceist 1** — **Daoine i nGnó**

Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.




### An tAcht um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí, 1980

**(A)** Mínigh, agus úsáid á baint as samplaí agat, **dhá** cheann de na forálacha seo a leanas as an Acht um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí, 1980:

- **(i)** Is gá go mbeadh earraí de cháilíocht inmhargaidh
- **(ii)** Is gá go mbeadh earraí oiriúnach don fheidhm atá leo
- **(iii)** Is gá go mbeadh na hearraí mar a thuairiscítear
- **(iv)** Is gá go mbeadh earraí ag teacht le sampla (15)

**(B)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chineál sásaimh ar bith a bhfuil tomhaltóirí ina dteideal má sháraítear aon cheann d'fhorálacha an Achta um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí, 1980. (15)

**(C)** Déan cur síos ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann tomhaltóir as cás a thabhairt chun Cúirt na nÉileamh Beag. (15)



**Gearáin déanta maidir le praghas ard thicéid Oasis a ghearr Ticketmaster**


*Arna chur in oiriúint ó rte.ie*

**(D)** Bhí a lán tomhaltóirí míshásta leis an tslí ar bainistíodh róphraghsáil na dticéad ag Ticketmaster. Tabhair breac-chuntas ar **dhá** rud (neamhreachtacha) a d'fhéadfadh tomhaltóir a dhéanamh chun an cheist sin a réiteach. (15)

**(E)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** fheidhm atá ag an gCoimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí *(CCPC i mBéarla)*. (15)

| **Ceist 2** | **An Timpeallacht Intíre** |
|---|---|

Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.




Is óstán nuálach atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath Láir é Nead Uirbeach an Dreoilín a dearadh le béim ar an inbhuanaitheacht. Cumhachtaítear é ag fuinneamh atá 100% in-athnuaite, rud a chuireann deireadh le spleáchas ar bhreosla iontaise. Dá bharr sin, is samhail d'fháilte éiceabhách é an t-óstán do thaistealaithe ar mian leo a lorg carbóin a laghdú.

*Arna chur in oiriúint ó wrenhotel.ie*

**(A)** Tabhair breac-chuntas ar luach saothair **amháin** agus ar riosca **amháin** atá ann do Nead Uirbeach an Dreoilín toisc go bhfuil sé níos neamhdhíobhálaí don timpeallacht. (15)

**(B)** Déan cur síos ar **dhá** bhuntáiste a chruthaíonn Nead Uirbeach an Dreoilín don gheilleagar áitiúil. (15)

**(C)** **(i)** Ainmnigh agus mínigh earnáil an gheilleagair ina bhfuil Nead Uirbeach an Dreoilín ag feidhmiú.

**(ii)** Liostaigh an **dá** earnáil eile agus tabhair sampla de shlí bheatha i ngach ceann díobh. (15)

Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.

**Téann os cionn leath de chostas iomlán peitril agus díosail chuig an rialtas**

| **PEITREAL** | | **DÍOSAL** |
|---|---|---|
| 31.3% | **Dleacht Mháil** | 26.6% |
| 18.7% | **CBL** | 18.7% |
| 8.5% | **Cáin Charbóin** | 10.2% |
| 1.1% | **Tobhach Nora** | 1.1% |
| 0.7% | **Táille le haghaidh Fuinneamh Níos Fearr** | 0.7% |
| 39.7% | **Costais Soláthair Breosla / Eile** | 42.7% |

*Arna chur in oiriúint ó rte.ie*

**(D)** Luaitear Dleacht Mháil**,** CBL agus Cáin Charbóin thuas. Mínigh **dhá** cheann de na cánacha sin. (15)

**(E)** Úsáideann an rialtas an t-ioncam ó cháin chun cuidiú le gnó in Éirinn.
Tabhair breac-chuntas ar **dhá** shlí a gcabhraíonn an rialtas le gnólachtaí Éireannacha. (15)

**Ceist 3** **An Timpeallacht Intíre/Idirnáisiúnta**

Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.





**Caithfidh an chuideachta ilnáisiúnta Apple cáin corparáide neamhíoctha de €13 bhilliún a íoc le hÉirinn, a rialaíonn príomhchúirt san AE**

*Arna chur in oiriúint ó www.independent.ie*

**(A)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis (seachas cáin chorparáide) a lonnódh Cuideachta Ilnáisiúnta ar nós Apple in Éirinn. (15)

**(B)** Tabhair breac-chuntas ar thionchar dearfach **amháin** agus ar thionchar diúltach **amháin** a d'fhéadfadh a bheith ag rialú phríomhchúirt an AE ar gheilleagar na hÉireann. (15)




**(C)** **(i)** Cad é tomhas oifigiúil an bhoilscithe in Éirinn?

**(ii)** Mínigh **dhá** shlí a rachadh titim sa bhoilsciú i bhfeidhm ar an tomhaltóir. (15)

**In 2023, bhí 50 bliain ann ó ghlac Éire ballraíocht fhoirmiúil sa CEE (Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa), ar a dtugtar an tAontas Eorpach sa lá atá inniu ann**

*Arna chur in oiriúint ó www.independent.ie*




**(D)** **(i)** Ainmnigh **trí** thír san AE a ndéanann Éire trádáil leo.

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann Éire as bheith ag easpórtáil chuig tíortha san AE. (15)

**(E)** Mínigh an ról atá ag ceann **amháin** de na hinstitiúidí AE seo a leanas:

**Parlaimint na hEorpa** **An Coimisiún Eorpach** **Comhairle an Aontais Eorpaigh** (15)

| **Ceist 4** | **Daoine i nGnó** |
|---|---|

Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.

**Vótálann oibrithe sláinte, a ndéanann an INMO ionadaíocht orthu, i bhfabhar gníomhaíocht thionsclaíoch mar gheall ar easpa foirne**

*Arna chur in oiriúint ó rte.ie*




**(A)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chineál gníomhaíochta tionsclaíche atá ar fáil d'fhostaithe atá i mbun aighneas tionsclaíoch lena bhfostóir. (15)

**(B)** Tabhair breac-chuntas ar na héifeachtaí a bheadh ag gníomhaíocht thionsclaíoch ar **dhá** pháirtí leasmhara sa tseirbhís sláinte. (15)

Ar an 6 Eanáir 2025, shínigh muintir Mhic Craith conradh le Foirgnimh AFD Teo. chun grianán a chur lena dteach ar chostas comhaontaithe. Íocadh éarlais, agus bhí sé beartaithe go mbeadh an tionscadal curtha i gcrích faoin 1 Bealtaine 2025. Sonraíodh é sin sa chonradh. Inniu an 1 Meitheamh 2025, áfach, agus níor cuireadh tús leis an tionscadal go fóill.

**(C)** **(i)** Agus tagairt á déanamh agat don téacs thuas, mínigh slí **amháin** ar féidir le muintir Mhic Craith deireadh a chur leis an gconradh.

**(ii)** Mínigh slí **amháin** eile ar féidir deireadh a chur le conradh. (15)




**Méadú mór tagtha ar líon na ngearán a bhaineann le hidirdhealú ar bhonn hine agus gnéaschlaonadh – An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre**

*Arna chur in oiriúint ó rte.ie*

**(D)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** fhoras, seachas cine nó gnéaschlaonadh, a bhfuil cosc ar idirdhealú dá mbarr faoi na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta. (15)

**(E)** Mínigh **dhá** fheidhm atá ag an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre *(WRC i mBéarla)*. (15)

**Ceist 5** | **Fiontraíocht / Bainistíocht**

Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.




**Bronntar an gradam Fiontraí Éiritheach na Bliana ar Aimee Connolly**

Bhunaigh Aimee Connolly, smideoir agus fiontraí áilleachta, *Sculpted by Aimee* in 2016. Nuair a bhí sí 23 bliain d'aois, sheol sí a branda féin, agus í spreagtha ag an rún a bhí aici táirgí a chruthú a cheap sí nach raibh ar fail, agus béim á cur aici ar na táirgí sin a dhéanamh níos so-aimsithe.

Inniu, tá *Sculpted by Aimee* ar cheann de na brandaí is mó fás san earnáil sin. Thuairiscigh sé méadú 50% ar a ioncam, agus shaothraigh sé €22.23 milliún an bhliain seo caite. Tá 55 fostaí aige, agus breis agus 500 stocadóir, agus, nuair a chuirtear san áireamh a shuíomh gréasáin siopadóireachta atá ag dul ó neart go neart, easpórtálann sé chuig 68 tír.

*Arna chur in oiriúint ó thinkbusiness.ie*

**(A)** Tabhair breac-chuntas ar riosca **amháin** agus ar luach saothair **amháin** atá ann do Aimee as gnólacht dá cuid féin a bhunú. (15)

**(B)** Rinne Aimee deis ghnó dá paisean. Tabhair breac-chuntas ar **dhá** fhoinse eile smaointe le haghaidh táirge/gnó nua. (15)

**(C)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** thréith/scil fiontraíochta a bhaineann le fiontraithe mar Aimee. (15)

**(D)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste atá ann do Aimee as na meáin shóisialta a úsáid chun cumarsáid a dhéanamh lena cuid custaiméirí. (15)

**(E)** **(i)** Mínigh an téarma **rialú stoic**.

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis a bhfuil rialú stoic tábhachtach do ghnólacht ar nós Sculpted. (15)

| **Ceist 6** | **Gnó i nGníomh / Bainistíocht** |
|---|---|

Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.

Beidh CGB an Chlub Peile Aontaithe ar siúl i gclubtheach an Chaisleáin Mhóir Dé hAoine, 9 Eanáir 2026, ag 8:00 p.m.

Tá an Cathaoirleach Stiofán Ó Fearghail agus an Rúnaí Máire Ní Bhroin ag ullmhú don chruinniú, agus iad ag díriú ar an sreabhadh airgid a fheabhsú, agus ar mhaoiniú a bhailiú chun giomnáisiam a thógáil.



**(A)** Luaigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le cruinnithe mar mhodh cumarsáide. (15)

**(B)** **(i)** Tabhair breac-chuntas ar dhualgas **amháin** a bhíonn ar Chathaoirleach an chlub.

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar dhualgas **amháin** a bhíonn ar Rúnaí an chlub. (15)

**(C)** Dréachtaigh an Fógra agus an Clár Oibre le haghaidh Chruinniú Cinn Bliana an Chlub Peile Aontaithe. (Ní mór **cúig** mhír ar a laghad a bheith ar an gClár Oibre.) (15)

**(D)** Mínigh **dhá** chúis a n-ullmhódh club Réamhaisnéis ar Shreabhadh Airgid. (15)

**(E)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** fhoinse a d’fhéadfadh an Club Peile Aontaithe a úsáid chun tógáil giomnáisiam a mhaoiniú. (15)

| **Ceist 7** | **Bainistíocht** |
|---|---|

Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.




Tá an tsaoráid mhonaraíochta atá ar na bacáin ag Dexcom i mBaile Átha an Rí, Co. na Gaillimhe, le 1,000 post nua a chruthú. Cuireann an Roinn Acmhainní Daonna i Dexcom deiseanna cuimsitheacha oiliúna ar fáil, ar nós oiliúint ionduchtúcháin agus oiliúint ar an láthair oibre. Tairgeann Dexcom freisin réimse scéimeanna luaíochta amhail sochair chomhchineáil, bónais, agus roghanna maidir le cianobair.

*Arna chur in oiriúint ó irishtimes.ie*

**(A)** Mínigh na téarmaí **oiliúint ionduchtúcháin** agus **oiliúint ar an láthair oibre.** (15)

**(B)** Mínigh **dhá** bhuntáiste atá ann do Dexcom as luach saothair a thabhairt dá fhostaithe. (15)

Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.

D’éirigh le Daithí Ó Maolruaidh post a fháil mar Innealtóir Tionsclaíoch Foirne le Dexcom. Seo thíos miondealú ar a thuilleamh:

| | |
|---|---|
| **Pá Comhlán Bliantúil** | €46,000 |
| **ÍMAT** | 20% ar an gcéad €42,000 agus 40% ar an gcuid eile |
| **Creidmheas Cánach Bliantúil** | €3,750 |
| **ÁSPC** | 4.1% |
| **MSU** | 3.0% |

**(C)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chéim ar bith sa phróiseas earcaíochta agus roghnúcháin a bheadh curtha i gcrích ag an Roinn Acmhainní Daonna sular fostaíodh Daithí Ó Maolruaidh. (15)

**(D)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** dhifríocht idir **tuarastal** agus **pá**. (15)

**(E)** Ríomh **Tuarastal Glan Bliantúil** Dhaithí. Taispeáin do chuid oibre. (15)

| Ceist 8 | Gnó i nGníomh |
|---|---|

Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.

**Bíonn Cadbury i gcónaí ag cuimhneamh ar smaointe atá nua agus nuálach agus ag cur lena réimse táirgí**




**(A)** Smaoinigh ar **dhá** bhuntáiste atá ann do Cadbury as ainm branda maith a bheith acu. (15)

**(B)** Mínigh **dhá** thoisc ba chóir do ghnólacht a chur san áireamh sula socróidís praghas táirge nó seirbhíse. (15)

**(C)** **(i)** Mínigh an téarma **Spriocmhargadh**, agus bíodh tagairt i do fhreagra do Cadbury.

**(ii)** Liostaigh **dhá** mheán fógraíochta a d'fhéadfadh gnólacht a úsáid. (15)

**(D)** Ainmnigh agus mínigh **dhá** chineál taighde margaidh a d'fhéadfadh gnólacht ar nós Cadbury a úsáid sula seolfaidís táirgí nua. (15)

**(E)** Úsáid an grafpháipéar ar leathanach 10 sa fhreagarleabhar, agus tarraing agus lipéadaigh léaráid de **Shaolré Tháirge** le haghaidh táirge ar nós seacláide Cadbury's Dairy Milk. (15)

| **Ceist 9** | **Bainistíocht / Gnó i nGníomh** |
|---|---|

Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.



**Leathnaigh IKEA agus Tesco a gcomhpháirtíocht rathúil in Éirinn**

Seolann IKEA seacht suíomh 'Cliceáil agus Bailigh' nua le Tesco, ag tairiscint seirbhísí bailiúcháin níos áisiúla agus níos inacmhainne ar fud na tíre.

*Arna chur in oiriúint ó rte.ie*

**(A)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis a leathnódh gnólacht ar nós IKEA a chuid seirbhísí. (15)

**(B)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a bhainfeadh IKEA as anailís LLDB/LDDB a chur i gcrích sula dtosnaíonn siad a gcomhpháirtíocht 'Cliceáil agus Bailigh' le Tesco. (15)

**(C)** Mínigh **dhá** sheirbhís a chuireann Fiontraíocht Éireann ar fáil do ghnólachtaí. (15)




**Billí arda árachais roimh ghnólachtaí fós, in ainneoin leasuithe**

Nochtadh i suirbhé a rinneadh le déanaí go bhfuil go leor gnólachtaí ag streachailt le préimheanna árachais atá ag dul i méid. Cé go bhfuil na préimheanna mótarárachais do thomhaltóirí cobhsaithe ag na leasuithe go pointe áirithe, tá costais mhéadaithe ar árachas dliteanais phoiblí roimh ghnólachtaí, agus costais ÁSPC fostóra méadaithe freisin.

*Arna chur in oiriúint ó Irish Examiner*

**(D)** Mínigh **trí** cinn ar bith de na téarmaí árachais thuas a bhfuil líne fúthu. (15)

**(E)** Ní mór do ghnólachtaí cloí leis na prionsabail árachais ar a dtugtar **leas inárachais**, **slánaíocht** agus **meon lánmhaith**. Mínigh **dhá** cheann de na prionsabail sin. (15)

Níl aon ábhar scrúdaithe ar an leathanach seo

Ná tabhair an ceistpháipéar seo ar ais.

Ní chuirfear as ais chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit é.

**An fógra cóipchirt**

D’fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d’fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críoch an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir alt 53(5) den Acht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar, 2000. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche a bhfuil sé beartaithe chuici. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh nó úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta 2025 – Gnáthleibhéal

# Gnó – Roinn 2

Déardaoin, 12 Meitheamh

Maidin 9:30 – 12:00